Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

13152/19

Comhad Idirinstitiúideach:
2019/0180(COD)

CODEC 1489
SOC 670
ECOFIN 876
FSTR 156
COMPET 679
FIN 664
IA 193
CADREFIN 345
PREP-BXT 165

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 5 Meán Fómhair 2019, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 175(3) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 25 Meán Fómhair 2019[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 22 Deireadh Fómhair 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 11920/19.
[2] Gan foilsiú fós san Iris Oifigiúil.
[3] 13242/19.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 92/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ríocht Aontaithe ag staonadh ón vótáil.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.